2024/1962

19.7.2024

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1962 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18 Iúil 2024**

**lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 a mhéid a bhaineann le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT i dtaca le caighdeáin 7 agus 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 a mhéid a bhaineann le sonraí áirithe a sholáthar chun go ndéanfaidh na Ballstáit faireachán agus meastóireacht orthu**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 2 Nollaig 2021 lena mbunaítear rialacha maidir le tacaíocht do phleananna straitéiseacha atá le tarraingt suas ag na Ballstáit faoin gcomhbheartas talmhaíochta (Pleananna Straitéiseacha CBT) agus atá le maoiniú ag an gCiste Eorpach um Ráthaíocht Talmhaíochta (CERT) agus ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe (CETFT), agus lena n-aisghairtear Rialacháin (AE) Uimh. 1305/2013 agus (AE) Uimh. 1307/2013 ([1]), agus go háirithe Airteagal 117 agus Airteagal 143(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), leasaíodh Rialachán (AE) 2021/2115, a mhéid a bhaineann leis an bhféidearthacht atá ag na Ballstáit, i measc nithe eile, maoluithe sealadacha a dheonú ar chaighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil ('GAEC') agus a mhéid a bhaineann leis na ceanglais i dtaca le caighdeáin áirithe maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a leagtar síos in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Rialachán sin.

(2) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/228 ([3]) ón gCoimisiún, leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise. Ba cheart Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit an rogha a thabhairt isteach ina bPleananna Straitéiseacha CBT, rogha lena gceadófar d'fheirmeoirí caighdeán 7 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a chomhlíonadh trí éagsúlú barr.

(3) Ós rud é gur scriosadh le Rialachán (AE) 2024/1468 an chéad cheanglas de chaighdeán 8 maidir le dea-bhail talmhaíochta agus chomhshaoil ó Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart na forálacha maidir leis na heilimintí a bhaineann leis an gceanglas sin atá le socrú sna Pleananna Straitéiseacha CBT a scriosadh freisin ó Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289.

(4) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 ón gCoimisiún ([4]), leagtar síos rialacha mionsonraithe a mhéid a bhaineann leis an meastóireacht ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus le faisnéis a sholáthar chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh. Chun iomláine na faisnéise is gá chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na Pleananna Straitéiseacha CBT a áirithiú, ba cheart do na Ballstáit sonraí a thuairisciú don Choimisiún le haghaidh gach bliana maidir le cur chun feidhme maoluithe sealadacha ar chaighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil dá dtagraítear in Airteagal 13(2a) de Rialachán (AE) 2021/2115, arna leasú le Rialachán (AE) 2024/1468. Ba cheart a áireamh sna tuarascálacha sin faisnéis maidir le raon feidhme críochach agus ábhartha na maoluithe sealadacha sin, maidir le fad na maoluithe sealadacha agus na cúiseanna atá leo, agus maidir le feirmeoirí agus tairbhithe eile a mbaineann na maoluithe sealadacha leo. Ba cheart na forálacha is gá a leagan síos chun aistriú na sonraí sin chuig an gCoimisiún a áirithiú, amhail minicíocht, uainiú agus an comhlacht atá freagrach as aistriú na sonraí.

([1]) IO L 435, 6.12.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/2115/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1468 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Bealtaine 2024 lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/2115 agus (AE) 2021/2116 a mhéid a bhaineann le caighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, scéimeanna aeráide, comhshaoil agus leasa ainmhithe, leasuithe ar na Pleananna Straitéiseacha CBT, athbhreithniú ar Phleananna Straitéiseacha CBT agus díolúintí ó rialuithe agus pionóis (IO L 2024/1468, 24.5.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1468/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2289/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 ón gCoimisiún an 6 Meán Fómhair 2022 lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le meastóireacht ar na Pleananna Straitéiseacha CBT agus a mhéid a bhaineann le faisnéis a sholáthar le haghaidh faireacháin agus meastóireachta (IO L 232, 7.9.2022, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/1475/oj).

(5) Le Rialachán (AE) 2024/1468, tugadh isteach oibleagáid ar na Ballstáit éiciscéimeanna a bhunú agus tacaíocht a sholáthar dóibh lena gcumhdaítear, ar thalamh arúil, cleachtais chun limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil, amhail talamh branair, agus chun gnéithe tírdhreacha nua a bhunú, dá dtagraítear in Airteagal 31(1a) de Rialachán (AE) 2021/2115. Chun é a chur ar a chumas don Choimisiún faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar na héiciscéimeanna sin, i bhfianaise a thábhachtaí atá rannchuidiú na gcleachtas sin leis an gcuspóir sonrach a bhaineann leis an mbithéagsúlacht a leagtar amach in Airteagal 6(1), pointe (f), de Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart foráil a dhéanamh go dtuairisceoidh na Ballstáit sonraí maidir le líon na heicteár incháilithe a íoctar as na cleachtais sin. Chun meastóireacht ar na cleachtais éagsúla a chumhdaítear leis na héiciscéimeanna sin a éascú, ba cheart na sonraí a sholáthar ar leithligh le haghaidh éiciscéimeanna lena gcumhdaítear limistéir neamhtháirgiúla agus le haghaidh éiciscéimeanna lena mbunaítear gnéithe tírdhreacha nua, ar thalamh arúil. I gcás na mBallstát a dhéanann cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2024/1468 chun caighdeán 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil a leasú le haghaidh na bliana éilimh 2024, ba cheart feidhm a bheith ag an oibleagáid sonraí a thuairisciú le haghaidh na n-éiciscéimeanna ábhartha ón mbliain éilimh 2024 ar aghaidh.

(6) Ós rud é gur scriosadh le Rialachán (AE) 2024/1468 an chéad cheanglas de chaighdeán 8 maidir le dea-bhail talmhaíochta agus chomhshaoil ó Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, ba cheart an oibleagáid atá ar na Ballstáit sonraí a thuairisciú maidir leis an gceanglas sin a scriosadh freisin ó Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475.

(7) Ba cheart forálacha idirthréimhseacha a leagan síos chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit cinntí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2024/1468 a dhéanamh chun na ceanglais maidir le cur i láthair ábhar an Phlean Straitéisigh CBT a chur i bhfeidhm i ndáil leis na leasuithe ar na Pleananna Straitéiseacha CBT i ndáil le caighdeáin 7 agus 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil le haghaidh na bliana éilimh 2024 agus chun a áirithiú go leanfaidh na Ballstáit de shonraí a thuairisciú maidir le cur chun feidhme chaighdeán 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil dá dtagraítear i roinn 4, pointe (q), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 le haghaidh na mblianta éilimh 2023 agus 2024.

(8) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 agus (AE) 2022/1475 a leasú dá réir sin.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ó Choiste an Chomhbheartais Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289**

I roinn 3, foroinn 3.1, pointe (e), d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (vii) agus (viii):

'(vii) i gcás chaighdeán 7 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil:

— achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm lena sonraítear na cleachtais uainíochta agus an sainmhíniú ar bharr agus ar bharr tánaisteach;

— i gcás inarb infheidhme, ón mbliain éilimh 2025, achoimre ar an gcleachtas ar an bhfeirm maidir le héagsúlú barr;

— an cineál feirmeoirí lena mbaineann, lena n-áirítear na díolúintí a chuirtear i bhfeidhm dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115;

— i gcás ina n-údaraíonn an Ballstát cleachtais a bhaineann le huainíocht fheabhsaithe barr le barra léagúmacha agus le héagsúlú barr i réigiúin shonracha i gcríoch an Bhallstáit dá dtagraítear i bhfonóta 3 a ghabhann le caighdeán 7 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/2115, míniú ar rannchuidiú na gcleachtas le hacmhainn na hithreach a chaomhnú i gcomhréir le cuspóirí chaighdeán 7 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil ar bhonn éagsúlacht na modhanna feirmeoireachta agus dálaí agra-aeráide sna réigiúin lena mbaineann agus an t-údar leis an rogha a rinneadh;

(viii) i gcás chaighdeán 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, ón mbliain éilimh 2025 ar aghaidh:

— liosta na ngnéithe tírdhreacha lena mbaineann de réir an chaighdeáin maidir le gnéithe tírdhreacha a choinneáil;

— na bearta chun speicis plandaí ionracha a sheachaint i gcás inarb infheidhme;'.

*Airteagal 2*

**Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme(AE) 2022/1475 mar a leanas:

(1) in Airteagal 8, cuirtear an pointe seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (b):

‘(ba) sonraí maidir le maoluithe sealadacha arna ndeonú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13(2a) de Rialachán (AE) 2021/2115;’;

(2) Cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas i ndiaidh Airteagal 11:

‘*Airteagal 11a*

**Sonraí maidir le maoluithe sealadacha ar cheanglais chaighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil**

Sna sonraí maidir le maoluithe sealadacha ar cheanglais chaighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, arna ndeonú ag na Ballstáit de bhun Airteagal 13(2a) de Rialachán (AE) 2021/2115, áireofar an fhaisnéis seo a leanas maidir le gach maolú a dheonaítear:

(a) an caighdeán maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil agus an ceanglas lena mbaineann an maolú sealadach;

(b) na cúiseanna atá leis an maolú sealadach;

(c) an t-athrú ar an gcleachtas ar fheirmeacha arna dheonú leis an maolú sealadach;

(d) raon feidhme críochach an mhaolaithe shealadaigh;

(e) an limistéar a chumhdaítear leis an maolú sealadach (i heicteáir);

(f) an líon feirmeoirí agus tairbhithe eile a mbaineann an maolú sealadach leo;

(g) na cineálacha feirmeoirí agus tairbhithe eile a chumhdaítear leis an maolú sealadach;

(h) fad an mhaolaithe shealadaigh.’;

(3) in Airteagal 15, cuirtear isteach an mhír seo a leanas:

‘2a. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí maidir le maoluithe sealadacha dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (ba), ar bhonn bliantúil faoin 15 Márta de bhliain N i ndáil le maoluithe sealadacha a dheonaítear i mbliain féilire n-1. Is é 2025 an chéad bhliain a thuairisceofar.’;

(4) Leasaítear Airteagal 16 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Aistreofar na sonraí dá dtagraítear i bpointí (a), (b), (ba), (d) agus (e) d’Airteagal 8 chuig an gCoimisiún trí bhíthin an chórais leictreonaigh chun faisnéis a mhalartú ar bhealach slán ar a dtugtar “SFC2021”, a leagtar amach freagrachtaí an Choimisiúin agus na mBallstát ina leith in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún (*).

Aistreofar na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 8, pointe (c) chuig an gCoimisiún trí bhíthin an chórais atá bunaithe ar an teicneolaíocht faisnéise arna chur ar fáil ag an gCoimisiún de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún (**).

(*) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2289 ón gCoimisiún an 21 Nollaig 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2021/2115 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cur i láthair ábhar na bPleananna Straitéiseacha CBT agus maidir leis an gcóras leictreonach um malartú slán faisnéise (IO L 458, 22.12.2021, lch. 463, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/2289/oj).

(**) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1185 ón gCoimisiún an 20 Aibreán 2017 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialacháin (AE) Uimh. 1307/2013 agus (AE) Uimh. 1308/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le fógraí a thabhairt don Choimisiún faoi fhaisnéis agus doiciméid agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear roinnt Rialachán ón gCoimisiún (IO L 171, 4.7.2017, lch. 113, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1185/oj).’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Maidir leis an gcóimheas le féarthailte buana, agus leis na sonraí maidir le maoluithe sealadacha ar cheanglais chaighdeáin maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, is í an ghníomhaireacht íocaíochta nó an comhlacht comhordaithe a aistreoidh na sonraí atá le cur in iúl de bhun Airteagal 8, pointí (b) agus (ba).’;

(5) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) i roinn 2, pointe (d), cuirtear na pointí seo a leanas isteach i ndiaidh phointe (i):

‘(ia) M101: an líon heicteár de limistéar talún arúla incháilithe a íoctar as cleachtais chun limistéir neamhtháirgiúla a chothabháil, amhail talamh branair mar a leagtar síos in Airteagal 31(1a) de Rialachán (AE) 2021/2115;

(ib) M102: an líon heicteár de limistéar talún arúla incháilithe a íoctar as cleachtais chun gnéithe tírdhreacha nua a bhunú mar a leagtar síos in Airteagal 31(1a) de Rialachán (AE) 2021/2115;’;

(b) i roinn 4, scriostar pointe (q);

*Airteagal 3*

**Forálacha idirthréimhseacha**

1. Maidir le Ballstáit a dhéanann cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2024/1468 i ndáil le leasuithe ar chaighdeáin 7 nó 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil, cuirfidh siad Airteagal 1 den Rialachán seo i bhfeidhm maidir le leasuithe ar a bPleananna Straitéiseacha CBT i leith na bliana éilimh 2024.

2. Na Ballstáit a dhéanfaidh cinneadh dá dtagraítear in Airteagal 3(2) de Rialachán (AE) 2024/1468 i ndáil leis an leasú ar chaighdeán 8 maidir le dea-riocht talmhaíochta agus comhshaoil le haghaidh na bliana éilimh 2024, tuairisceoidh siad na sonraí dá dtagraítear in Airteagal 2(5), pointe (a), den Rialachán seo don Choimisiún ón mbliain éilimh 2024 ar aghaidh, má chuireann siad aon cheann de na héiciscéimeanna sin i bhfeidhm chun Airteagal 3(2) den Rialachán sin a chomhlíonadh.

3. Tuairisceoidh na Ballstáit na sonraí dá dtagraítear i roinn 4, pointe (q), d’Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1475 le haghaidh na mblianta éilimh 2023 agus 2024.

*Airteagal 4*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an seachtú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 18 Iúil 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN